II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/1075 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Meitheamh 2021

lena leasaítear Cinneadh 2013/488/AE maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 24 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhFoscríbhinn B a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([2]), tá tábla coibhéise maidir le haicmiúcháin slándála.

(2) I bhFoscríbhinn C a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE, tá liosta d'údaráis náisiúnta slándála (ÚSNanna).

(3) Tá fógra tugtha ag an bhFrainc d'Ardrúnaíocht na Comhairle maidir leis na hathruithe a rinne sí ar a haicmiúcháin slándála. Leis na hathruithe sin, tugtar isteach dhá mharcáil nua aicmiúcháin le héifeacht ón 1 Iúil 2021: "TRÈS SECRET" agus "SECRET". Maidir le faisnéis arna giniúint ag an bhFrainc roimh an 1 Iúil 2021 agus a aicmítear mar "TRÈS SECRET DÉFENSE", "SECRET DÉFENSE" nó "CONFIDENTIEL DÉFENSE", ba cheart leanúint dá láimhseáil agus dá cosaint ar an leibhéal is coibhéiseach le "TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET", "SECRET UE/EU SECRET" nó "CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL" faoi seach.

(4) Ina theannta sin, tá fógra tugtha ag an Iodáil agus an tSlóivéin d'Ardrúnaíocht na Comhairle maidir leis na hathruithe a rinneadh ar a ÚSNanna faoi seach.

(5) Thug an tAontas an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([3]) (an "Comhaontú um Tharraingt Siar") i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ([4]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An 31 Nollaig 2020, tháinig deireadh leis an idirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ar lena linn a lean dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an "Ríocht Aontaithe") agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Ba cheart na tagairtí don Ríocht Aontaithe, dá haicmiúcháin slándála agus dá ÚSNanna a bhaint, dá bhrí sin, d'Fhoscríbhinní B agus C a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE faoi seach.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2013/488/AE a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 325, 11.12.2009, lch. 35.
([2]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).
([3]) IO C 384 I, 12.11.2019, lch. 1.
([4]) Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinní 1 agus 2 faoi seach a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Fhoscríbhinní B agus C a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN 1

FOSCRÍBHINN B

COIBHÉIS NA nAICMIÚCHÁN SLÁNDÁLA

AE	TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET	SECRET UE/EU SECRET	CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL	RESTREINT UE/EU RESTRICTED
An Bheilg	Très Secret (Loi 11.12.1998) Zeer Geheim (Wet 11.12.1998)	Secret (Loi 11.12.1998) Geheim (Wet 11.12.1998)	Confidentiel (Loi 11.12.1998) Vertrouwelijk (Wet 11.12.1998)	nóta ([1]) thíos
An Bhulgáir	Строго секретно	Секретно	Поверително	За служебно ползване
An tSeicia	Přísně tajné	Tajné	Důvěrné	Vyhrazené
An Danmhairg	YDERST HEMMELIGT	HEMMELIGT	FORTROLIGT	TIL TJENESTEBRUG
An Ghearmáin	STRENG GEHEIM	GEHEIM	VS ([2]) - VERTRAULICH	VS - NUR FÜR DEN DIENSTGEBRAUCH
An Eastóin	Täiesti salajane	Salajane	Konfidentsiaalne	Piiratud
Éire	Top Secret/Faoi Mhór-rún	Secret/Faoi rún	Confidential/Rúnda	Restricted/Srianta
An Ghréig	Άκρως Απόρρητο Giorrúchán: ΑΑΠ	Απόρρητο Giorrúchán: (ΑΠ)	Εμπιστευτικό Giorrúchán: (ΕΜ)	Περιορισμένης Χρήσης Giorrúchán: (ΠΧ)
An Spáinn	SECRETO	RESERVADO	CONFIDENCIAL	DIFUSIÓN LIMITADA
An Fhrainc	TRÈS SECRET TRÈS SECRET DÉFENSE ([3])	SECRET SECRET DÉFENSE ([3])	CONFIDENTIEL DÉFENSE ([3]), ([4])	nóta ([5]) thíos
An Chróit	VRLO TAJNO	TAJNO	POVJERLJIVO	OGRANIČENO
An Iodáil	Segretissimo	Segreto	Riservatissimo	Riservato
An Chipir	Άκρως Απόρρητο Giorrúchán: (ΑΑΠ)	Απόρρητο Giorrúchán: (ΑΠ)	Εμπιστευτικό Giorrúchán: (ΕΜ)	Περιορισμένης Χρήσης Giorrúchán: (ΠΧ)
An Laitvia	Sevišķi slepeni	Slepeni	Konfidenciāli	Dienesta vajadzībām
An Liotuáin	Visiškai slaptai	Slaptai	Konfidencialiai	Riboto naudojimo
Lucsamburg	Très Secret Lux	Secret Lux	Confidentiel Lux	Restreint Lux
An Ungáir	Szigorúan titkos!	Titkos!	Bizalmas!	Korlátozott terjesztésű!
Málta	L-Ogħla Segretezza Top Secret	Sigriet Secret	Kunfidenzjali Confidential	Ristrett Restricted ([6])

AE	TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET	SECRET UE/EU SECRET	CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL	RESTREINT UE/EU RESTRICTED
An Ísiltír	Stg. ZEER GEHEIM	Stg. GEHEIM	Stg. CONFIDENTIEEL	Dep. VERTROUWELIJK
An Ostair	Streng Geheim	Geheim	Vertraulich	Eingeschränkt
An Pholainn	Ściśle Tajne	Tajne	Poufne	Zastrzeżone
An Phortaingéil	Muito Secreto	Secreto	Confidencial	Reservado
An Rómáin	Strict secret de importanță deosebită	Strict secret	Secret	Secret de serviciu
An tSlóivéin	STROGO TAJNO	TAJNO	ZAUPNO	INTERNO
An tSlóvaic	Prísne tajné	Tajné	Dôverné	Vyhradené
An Fhionlainn	ERITTÄIN SALAINEN YTTERST HEMLIG	SALAINEN HEMLIG	LUOTTAMUKSELLINEN KONFIDENTIELL	KÄYTTÖ RAJOITETTU BEGRÄNSAD TILLGÅNG
An tSualainn	Kvalificerat hemlig	Hemlig	Konfidentiell	Begränsat hemlig

([1]) Ní aicmiúchán slándála é “Diffusion Restreinte/Beperkte Verspreiding” sa Bheilg. Bíonn faisnéis “RESTREINT UE/EU RESTRICTED” á láimhseáil agus á cosaint ag an mBeilg ar dhóigh atá chomh docht céanna leis na caighdeáin agus na nósanna imeachta a thuairiscítear i rialacha slándála Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

([2]) An Ghearmáin: VS = Verschlusssache.

([3]) Maidir le faisnéis arna giniúint ag an bhFrainc roimh an 1 Iúil 2021 agus a aicmítear mar “TRÈS SECRET DÉFENSE”, “SECRET DÉFENSE” nó “CONFIDENTIEL DÉFENSE”, déantar í a láimhseáil agus a chosaint ar an leibhéal is coibhéiseach le “TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET”, “SECRET UE/EU SECRET” nó “CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL” faoi seach.

([4]) Déanann an Fhrainc faisnéis “CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL” a láimhseáil agus a chosaint i gcomhréir leis na bearta slándála de chuid na Fraince lena gcosnaítear faisnéis a aicmítear mar “SECRET”.

([5]) Ní úsáideann an Fhrainc an t-aicmiúchán “RESTREINT” ina córas náisiúnta. Bíonn faisnéis “RESTREINT UE/EU RESTRICTED” á láimhseáil agus á cosaint ag an bhFrainc ar dhóigh atá chomh docht céanna leis na caighdeáin agus na nósanna imeachta a thuairiscítear i rialacha slándála Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

([6]) I gcás Mhálta, is féidir an leagan Máltaise nó Béarla a mhalartú le chéile.

IARSCRÍBHINN 2

FOSCRÍBHINN C

LIOSTA NA nÚDARÁS UM SHLÁNDÁIL NÁISIÚNTA (ÚSNanna)

AN BHEILG Autorité nationale de Sécurité SPF Affaires étrangères, Commerce extérieur et Coopération au Développement 15, rue des Petits Carmes 1000 Bruxelles Teil. Rúnaíocht: +32 25014542 Facs +32 25014596 R-phost: nvo-ans@diplobel.fed.be	AN DANMHAIRG Politiets Efterretningstjeneste (Danish Security Intelligence Service) Klausdalsbrovej 1 2860 Søborg Teil. +45 45159007 Facs +45 45150190 Forsvarets Efterretningstjeneste (Danish Defence Intelligence Service) Kastellet 30 2100 Copenhagen Ø Teil. +45 33325566 Facs +45 33931320
AN BHULGÁIR State Commission on Information Security 4 Kozloduy Str. 1202 Sofia Teil. +359 29333600 Facs +359 29873750 R-phost: dksi@government.bg Suíomh gréasáin: www.dksi.bg	AN GHEARMÁIN Bundesministerium des Innern, für Bau und Heimat Section ÖS II 5 Alt-Moabit 140 D-10557 Berlin Teil. +49 30186810 Facs +49 30186811441 R-phost 1: OESII5@bmi.bund.de R-phost 2: PersGS@bmi.bund.de
AN tSEICIA Národní bezpečnostní úřad (National Security Authority) Na Popelce 2/16 150 06 Praha 56 Teil. +420 257283335 Facs +420 257283110 R-phost: oms@nbu.cz Suíomh gréasáin: www.nbu.cz	AN EASTÓIN National Security Authority Department Estonian Foreign Intelligence Service Rahumäe tee 4B 11316 Tallinn Teil. +372 6939211 Facs +372 6935001 R-phost: nsa@fis.gov.ee
ÉIRE An tÚdarás um Shlándáil Náisiúnta An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála 76 - 78 Sráid Fhearchair Baile Átha Cliath 2 D02 DX45 Éire Teil. 1: +353 14082842 Teil. 2: +353 14082724 R-phost: nsa@dfa.ie	AN FHRAINC Secrétariat général de la défense et de la sécurité nationale Sous-direction Protection du secret (SGDSN/PSD) 51 Boulevard de la Tour-Maubourg 75700 Paris 07 SP Teil. +33 171758177 Facs +33 171758200
AN GHRÉIG Γενικό Επιτελείο Εθνικής Άμυνας (ΓΕΕΘΑ) Διεύθυνση Ασφαλείας και Αντιπληροφοριών ΣΤΓ 1020 -Χολαργός (Αθήνα) Ελλάδα Τηλ.: +30 2106572045 (ώρες γραφείου) +30 2106572009 (ώρες γραφείου) Φαξ: +30 2106536279 +30 2106577612 Hellenic National Defence General Staff (HNDGS) Counter Intelligence & Security Directorate (NSA) 227-231 HOLARGOS STG 1020 ATHENS Teil. +30 2106572045 +30 2106572009 Facs +30 2106536279 +30 2106577612	AN CHRÓIT Office of the National Security Council Croatian NSA Jurjevska 34 10000 Zagreb Croatia Teil. +385 14681222 Facs +385 14686049 R-phost: NSACroatia@uvns.hr Suíomh gréasáin: www.uvns.hr

AN SPÁINN Autoridad Nacional de Seguridad Oficina Nacional de Seguridad Calle Argentona, 30 28023 Madrid Teil. +34 913725000 Facs +34 913725808 R-phost: nsa-sp@areatec.com	AN IODÁIL Presidenza del Consiglio dei Ministri Dipartimento Informazioni per la Sicurezza (DIS) Ufficio Centrale per la Segretezza (UCSe) Via Galilei, 32 00185 Roma Teil. +39 06478601 Facs +39 064885273 R-phost: nsa.ita@alfa.gov.it
AN CHIPIR ΥΠΟΥΡΓΕΙΟ ΑΜΥΝΑΣ ΣΤΡΑΤΙΩΤΙΚΟ ΕΠΙΤΕΛΕΙΟ ΤΟΥ ΥΠΟΥΡΓΟΥ ΑΜΥΝΑΣ ΕΘΝΙΚΗ ΑΡΧΗ ΑΣΦΑΛΕΙΑΣ (ΕΑΑ) Υπουργείο Άμυνας Λεωφόρος Στροβόλου 172-174, 1432 Λευκωσία Ταχυδρομικός Κώδικας: 2048 Τηλεφωνα: +357 22807569, +357 22807643, +357 22807764 Τηλεομοιότυπ: +357 22302351 Ηλεκτρονικό Ταχυδρομείο: cynsa@mod.gov.cy Ministry of Defence Minister's Military Staff National Security Authority (NSA) 172-174 Strovolou Avenue, 1432 Nicosia Cód poist: 2048 Teil. +357 22807569, +357 22807643, +357 22807764 Facs +357 22302351 R-phost: cynsa@mod.gov.cy	AN LIOTUÁIN Lietuvos Respublikos paslapčių apsaugos koordinavimo komisija (The Commission for Secrets Protection Coordination of the Republic of Lithuania National Security Authority) Pilaitės ave. 19 LT-06264 Vilnius Teil. +370 570666128 Facs +370 70666700 R-phost: nsa@vsd.lt
AN LAITVIA National Security Authority Constitution Protection Bureau of the Republic of Latvia P.O.Box 286 LV-1001 Riga Teil. +371 67025418 R-phost: ndi@sab.gov.lv	LUCSAMBURG Autorité nationale de Sécurité Boîte postale 2379 1023 Luxembourg Teil. +352 24782210 lárnach Teil. +352 24782253 díreach Facs +352 24782243
AN UNGÁIR Nemzeti Biztonsági Felügyelet (National Security Authority of Hungary) 1024 Budapest, Szilágyi Erzsébet fasor 11/B Seoladh poist: 1399 Budapest, Pf. 710/50 Teil. +36-1/391-1862 Facs +36-1/391-1889 R-phost: nbf@nbf.hu Suíomh gréasáin: www.nbf.hu	AN OSTAIR Informationssicherheitskommission Bundeskanzleramt Ballhausplatz 2 1010 Wien Teil. +43 153115202594 Facs +43 153109202594 R-phost: isk@bka.gv.at
MÁLTA Ministry for Home Affairs and National Security P.O. Box 146 MT-Valletta Teil. +356 21249844 Facs +356 25695321	AN PHOLAINN Agencja Bezpieczeństwa Wewnętrznego – ABW (Internal Security Agency) 2A Rakowiecka St. 00-993 Warszawa Teil. +48 225857663 Facs +48 225858509 R-phost: nsa@abw.gov.pl Suíomh gréasáin: www.abw.gov.pl

AN ÍSILTÍR Ministerie van Binnenlandse Zaken en Koninkrijksrelaties Postbus 20010 2500 EA Den Haag Teil. +31 703204400 Facs +31 703200733 Ministerie van Defensie Beveiligingsautoriteit Postbus 20701 2500 ES Den Haag Teil. +31 703187060 Facs +31 703187522	AN PHORTAINGÉIL Presidência do Conselho de Ministros Autoridade Nacional de Segurança Rua da Junqueira, 69 1300-342 Lisboa Teil. +351 213031710 Facs +351 213031711
AN RÓMÁIN Oficiul Registrului Național al Informațiilor Secrete de Stat – Romanian NSA – ORNISS National Registry Office for Classified Information Strada Mureș nr. 4 012275 Bucharest Teil. +40 212075114 Facs +40 212240714 R-phost: nsa.romania@nsa.ro Suíomh gréasáin: www.orniss.ro	AN FHIONLAINN National Security Authority Ministry for Foreign Affairs P.O. Box 453 FI-00023 Government Teil. +358 916055890 R-phost: NSA@formin.fi
AN tSLÓIVÉIN Urad Vlade RS za varovanje tajnih podatkov Šmartinska 152 1000 Ljubljana Teil. +386 147817570 Facs +386 14781399 R-phost: gp.uvtp@gov.si	AN tSUALAINN Ministry for Foreign Affairs Swedish National Security Authority 103 39 Stockholm Teil. +46 84051000 R-phost: ud-nsa@gov.se
AN tSLÓVAIC Národný bezpečnostný úrad (National Security Authority) Budatínska 30 851 06 Bratislava Teil. +421 268691111 Facs +421 268691700 R-phost: podatelna@nbu.gov.sk Suíomh gréasáin: www.nbu.gov.sk	